# An iarmhír threise

Sa Ghaeilge, nuair a bhíonn béim á léiriú ar dhuine amháin seachas ar dhuine eile (msh *tá mo mhálasa níos troime ná a ceannsa*, *is féidir leosan imeacht ach fanfaimidne*, *léiríonn sé níos mó fútsa ná fúmsa*), úsáidtear iarmhír threise, ní hionann agus teangacha eile ar nós an Bhéarla ina léirítear an bhéim sin trí threise ghutha a chur ar an bhfocal ábhartha.

Is le forainmneacha réamhfhoclacha (*liomsa*, *uirthise*, *orthusan*, etc), le hainmfhocail i ndiaidh na haidiachta sealbhaí (*mo pheannsa*, *a chuidsean*, *bhur scoilse*, etc), agus le foirmeacha táite den bhriathar (*ithimse*, *déanaigíse*, *fanfaimidne*, etc) is mó a úsáidtear na hiarmhíreanna treise sa Ghaeilge. Is féidir mar an gcéanna an iarmhír threise a chur leis an bhfocal deiridh in aon fhrása ainmfhoclach, cé acu ainmfhocail (*mo ghuthán pócasa*, *a spéaclaí gréinese*), aidiachtaí (*mo pheann deargsa*, *a gcathracha mórasan*), nó dobhriathra (*a leagan amachsan*), srl iad.

- Tá dhá fhoirm ag gach iarmhír threise: foirm leathan a úsáidtear más ar chonsan nó guta leathan a chríochnaíonn an focal a bhfuil iarmhír threise á cur leis, agus foirm chaol a úsáidtear más ar chonsan nó guta caol a chríochnaíonn an focal..
- Nuair a chuirtear iarmhír threise a thosaíonn le s le focal a chríochnaíonn ar -s, cuirtear fleiscín idir an dá *s*, i.e. *mo chos-sa*, *a iris-sean*, *thagaidís-sean*.
- Mar an gcéanna, nuair a chuirtear iarmhír threise a thosaíonn le n le focal a chríochnaíonn ar -n, cuirtear fleiscín idir an dá *n*, i.e. *ár gclann-na*, *ár gcumainn-ne*.
- Baineann na rialacha seo le gach focal seachas roinnt forainmneacha réamhfhoclacha a bhfuil foirmeacha treise ar leith acu (féach Tábla 2 thíos). Tá foirmeacha treise na bhforainmneacha pearsanta (*mise*, *tusa*, etc) le fáil faoi na Forainmneacha Pearsanta.

## 1. Iarmhíreanna Treise le hAinmfhocail, Briathra agus Aidiachtaí

| Pearsa | Iarmhír threise | Ainmfhocail | Briathra | Aidiachtaí |
|---|---|---|---|---|
| 1ú uatha | **-sa** (leathan)<br>**-se** (caol) | *mo chlannsa*, *mo thuras-sa*<br>*mo ghairdínse*, *m'iris-se* | -<br>*tagaimse* | *mo chóta mórsa*<br>*mo chóta maithse* |
| 2ú uatha | **-sa** (leathan)<br>**-se** (caol) | *do chlannsa*, *do thuras-sa*<br>*do ghairdínse*, *d'iris-se* | *dhéanfása*<br>- | *do chóta mórsa*<br>*do chóta maithse* |
| 3ú uatha fir. | **-san** (leathan)<br>**-sean** (caol) | *a chlannsan*, *a thuras-san*<br>*a ghairdínsean*, *a iris-sean* | - | *a chóta mórsan*<br>*a chóta maithsean* |
| 3ú uatha bain. | **-sa** (leathan)<br>**-se** (caol) | *a clannsa*, *a turas-sa*<br>*a gairdínse*, *a hiris-se* | -<br>- | *a cóta mórsa*<br>*a cóta maithse* |
| 1ú iolra | **-na** (leathan)<br>**-ne** (caol) | *ár gclann-na*, *ár dturasna*<br>*ár ngairdín-ne*, *ár n-irisne* | *bhíomarna*<br>*théimisne* | *ár gcótaí mórana*<br>*ár gcótaí maithene* |
| 2ú iolra | **-sa** (leathan)<br>**-se** (caol) | *bhur gclannsa*, *bhur dturas-sa*<br>*bhur ngairdínse*, *bhur n-iris-se* | -<br>*fanaigíse* | *bhur gcótaí mórasa*<br>*bhur gcótaí maithese* |
| 3ú iolra | **-san** (leathan)<br>**-sean** (caol) | *a gclannsan*, *a dturas-san*<br>*a ngairdínsean*, *a n-iris-sean* | *bhíodarsan*<br>*d'íosfaidís-sean* | *a gcótaí mórasan*<br>*a gcótaí maithesean* |

## 2. Iarmhíreanna Treise le Forainmneacha Réamhfhoclacha

| | 1ú uatha | 2ú uatha | 3ú uatha fir. | 3ú uatha bain. | 1ú iolra | 2ú iolra | 3ú iolra |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| ***ag*** | **agamsa** | **agatsa** | **aigesean** | **aicise** | **againne** | **agaibhse** | **acusan** |
| ***ar*** | **ormsa** | **ortsa** | **airsean** | **uirthise** | **orainne** | **oraibhse** | **orthusan** |
| ***as*** | **asamsa** | **asatsa** | **as-san** | **aistise** | **asainne** | **asaibhse** | **astusan** |
| ***chuig*** | **chugamsa** | **chugatsa** | **chuigesean** | **chuicise** | **chugainne** | **chugaibhse** | **chucusan** |
| ***de*** | **díomsa** | **díotsa** | **desean** | **dise** | **dínne** | **díbhse** | **díobhsan** |
| ***do*** | **domsa** | **duitse** | **dósan** | **dise** | **dúinne** | **daoibhse** | **dóibhsean** |
| ***faoi*** | **fúmsa** | **fútsa** | **faoisean** | **fúithise** | **fúinne** | **fúibhse** | **fúthusan** |
| ***i*** | **ionamsa** | **ionatsa** | **annsan** | **intise** | **ionainne** | **ionaibhse** | **iontusan** |
| ***idir*** | - | - | - | - | **eadrainne** | **eadraibhse** | **eatarthusan** |
| ***le*** | **liomsa** | **leatsa** | **leis-sean** | **léise** | **linne** | **libhse** | **leosan** |
| ***ó*** | **uaimse** | **uaitse** | **uaidhsean** | **uaithise** | **uainne** | **uaibhse** | **uathusan** |
| ***roimh*** | **romhamsa** | **romhatsa** | **roimhesean** | **roimpise** | **romhainne** | **romhaibhse** | **rompusan** |
| ***thar*** | **tharamsa** | **tharatsa** | **thairis-sean** | **thairstise** | **tharainne** | **tharaibhse** | **tharstusan** |
| ***trí*** | **tríomsa** | **tríotsa** | **trídsean** | **tríthise** | **trínne** | **tríbhse** | **tríothusan** |
| ***um*** | **umamsa** | **umatsa** | **uimesean** | **uimpise** | **umainne** | **umaibhse** | **umpusan** |